



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta</b>	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
<b>Scoil   Aonad</b>	Scoil an Leighis UCD - Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI)
<b>Teideal an Phoist &amp; Réimse Ábhair</b> <i>(más ábhartha)</i>	Freastalaí Sinsearach Saotharlainne
<b>Tréimhse an Phoist</b>	Conradh Seasta Sealadach – suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2030
<b>Bainisteoir Líne</b>	Bainisteoir Ionaid SBI nó a (h)Ainmní
<b>Grád</b>	Freastalaí Sinsearach Saotharlainne
<b>Scála Tuarastail</b>	€40,834 - €42,754
<b>Uimhir Thagartha an Chomórtais</b>	019562
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna</b>	Arianna Eady
<b>Iarratais agus Dáta Deiridh</b>	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/">https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/</a>
<b>Incháilithe do Chead Oibre</b>	Níl

#### Achoimre ar an bPost:

Agus iad ag tuairisciú don Bhainisteoir Saotharlainne, tá ról lárnach ag an bhFreastalaí Sinsearach Saotharlainne ag Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI) in UCD i dtaca le gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna an ionaid a thacú. Baineann sé seo le hoibriú agus cothabháil éifeachtach na saoráidí saotharlainne fliucha a chinntiú agus tacaíocht saotharlainne riachtanach, phraiticiúil a sholáthar. Tá an tacaíocht seo ríthábhachtach chun clár thaighde SBI a chur i gcrích, lena n-áirítear tionscadail chomhoibríocha móra ar nós Mol ARC do Theirpic agus Beachtoinceolaíocht Éirinn.

Tá an post freagrach as spásanna agus trealamh saotharlainne a chothabháil, imoibrithe agus ábhair a ullmhú, earraí inchaite saotharlainne a mhonatóiriú, taifid agus bunachair shonraí a chothabháil, agus a chinntiú go ndéantar dramhaíl saotharlainne a láimhseáil agus a dhiúscairt go sábháilte. Tacaíonn an ról freisin le cur i bhfeidhm próiseas saotharlainne, cuireann sé le comhlíonadh ceanglais sábháilteachta agus eitice na hOllscoile, agus cuidíonn sé le hionduchtú baill foirne agus mac léinn nua. Trí na gníomhaíochtaí seo, cuidíonn an post le timpeallacht saotharlainne shábháilte, eagraithe agus éifeachtúil a chothabháil a thacaíonn le cuspóirí taighde SBI.

#### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Cothabháil a dhéanamh ar spásanna saotharlainne fliucha SBI agus áiseanna gaolmhara chun a chinntiú go bhfuil siad sábháilte, eagraithe agus lánfheidhmiúil.
- Imoibrithe saotharlainne, maoláin, tuaslagáin agus ábhair a theastaíonn le haghaidh gníomhaíochtaí taighde a ullmhú.
- Cothabháil rialta a dhéanamh ar threalaimh saotharlainne; iad a ghlanadh agus chalabrá
- Láimhseáil agus diúscairt dramhaíola ceimiceacha, bitheolaíochta agus dramhaíl saotharlainne eile de réir ceanglais sábháilteachta institiúideacha agus rialála.
- Láimhseáil agus stóráil sorcóirí gáis speisialaithe go sábháilte de réir nósanna imeachta sábháilteachta.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltáin agus imoibrithe saotharlainne, taifid a choinneáil, agus athstocáil tráthúil soláthairtí a chinntiú.
- Bunachair shonraí agus taifid saotharlainne a choinneáil de réir mar is gá.
- Cúnamh a thabhairt le saincheistanna oibríochtúla nó teicniúla gnáthaimh laistigh de na saotharlanna a aithint agus a réiteach.
- Saincheistanna a bhaineann le háiseanna (mar sh, leictreachas, aeráil, pluiméireacht) a thuairisciú do na seirbhísí Ollscoile ábhartha.

- Tacaigh le riachtanais oibríochtúla clár agus tionscadal taighde SBI, lena n-áirítear Beachtoinceolaíocht Éirinn agus DevelopMed.
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí tacaíochta saotharlainne foireannbhunaithe ar fud tionscadal taighde bitheolaíochta córas.
- Cúnamh a thabhairt le hionduchtú agus le treoshuíomh foirne agus mac léinn nua a úsáideann áiseanna saotharlainne.
- Tacaigh le cur i bhfeidhm próiseas, sreafaí oibre, agus teicneolaíochtaí nua saotharlainne.
- Rannchuidiú le comhlíonadh bheartais sábháilteachta agus eitice UCD agus cúnamh a thabhairt maidir le Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPs) agus Measúnuithe Riosca a fhorbairt agus a chothabháil.
- Dualgais ghaolmhara eile a dhéanamh de réir mar a shannann Bainisteoir Ionad SBI nó a (h)ainmní iad.

### Príomhscileanna

- Eolas ar oibríochtaí saotharlainne, nósanna imeachta sábháilteachta, agus comhlíonadh rialála.
- Taithí ar thacaíocht a thabhairt d'áiseanna saotharlainne, cothabháil trealaimh, agus bainistíocht tomhaltán.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus coimeáda taifead.
- Cumas oibriú i gcomhar le chéile i dtimpeallacht tacaíochta taighde.
- Scileanna maithe cumarsáide agus réitigh fadhbanna..

### Gearrchuntas den Scoil/Aonad:

Is ionad taighde idir-dhisciplíneach é Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI), a bunaíodh sa bhliain 2009 in UCD. Díríonn sé ar bhitheolaíocht thrialach a chomhtháthú le samhaltú matamaiticiúil agus ríomhaireachtúil chun léargais a fháil ar líonraí comharthaíochta ceallacha. Is é príomhchuspóir taighde SBI ná galair chasta, ar nós ailse, a thuiscint agus a chóireáil. Trí bhitheolaíocht thrialach a chomhcheangal le hanailís ríomhaireachtúil, tá sé mar aidhm ag an ionad forbairt teiripí agus straitéisí leighis phearsantaithe a éascú.

Comhordaíonn SBI tionscnaimh mhóra taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus glacann sé páirt iontú. Ina measc, tá Beachtoinceolaíocht Éirinn - clár comhoibríoch ina bhfuil ollscoileanna, soláthraithe cúram sláinte, comhpháirtithe tionscail, agus carthanachtaí páirteach chun cóireáil ailse phearsantaithe a chur chun cinn. Spreagann SBI nuálaíocht san eolaíocht bhithleighis trína thaighde, a oiliúint agus a chomhpháirtíochtaí comhoibríocha. Aistríonn an obair seo torthaí taighde go díreach go torthaí cúram sláinte níos fearr.

### 95 Scála Tuarastail Freastalaí Sins. Saotharlainne\_2010(1108\_X): €40,834 - €42,754 in aghaidh na bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirí na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

### An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tá An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) ar cheann de na hollscoileanna dian-taighde is mó san Eoraip agus an ollscoil is mó in Éirinn, le pobal bríomhar de bhreis is 39,000 mac léinn agus 4,000 ball foirne ó bhreis is 152 tír. Comhcheanglaíonn UCD oidhreacht acadúil shuibhir le dearcadh domhanda, ag cothú nuálaíochta, cruthaitheachta agus sármhaitheasa i measc an teagaisc, an taighde agus an rannpháirtíocht phoiblí.

Agus í lonnaithe ar champas álainn Belfield, cuireann UCD timpeallacht dhinimiciúil agus chuimsitheach ar fáil ina mbíonn smaointe ag fás agus comhoibriú ag fás. Mar ollscoil den 1% is fearr ar domhan, aithnítear UCD as a tionchar ar an tsochaí - ó thaighde ceannródaíoch agus nuálaíocht inbhuanaithe go dtí ceannairí amach anseo a chothú i ngach disciplín.

Cuirtear sármhaitheas, ionracas, éagsúlacht agus comhoibriú chun cinn in UCD. Cuirtear deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil, mar aon le cultúr oibre tacúil agus solúbtha, agus an deis cur le hobair a mhúnláíonn an todhchaí go háitiúil agus go domhanda ag an bhfoireann.

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine.. Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina

ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.



### **Buntáistí a bhaineann le bheith ag obair in UCD**

Cuireann UCD réimse leathan buntáistí ar fáil chun tacú le sláinte na foirne, fás gairmiúil agus cothromaíocht oibre is saoil. Bíonn socruithe oibre solúbtha ar fáil, lena n-áirítear roghanna oibre hibrídeacha, comhroinnt poist, agus beartais shaoire flaitiúla. Cuireann UCD scéim pinsin láidir, cosaint ioncain, agus coigiltis a bhaineann le taisteal ar fáil ar nós pleananna comaitéireachta agus rothaíochta chun na hoibre atá éifeachtúil ó thaobh cánach de. Tá rochtain ag baill foirne ar dhiseanna forbartha gairmiúla trí LinkedIn Learning, saoire staidéir, agus creataí struchtúrtha dul chun cinn gairme. Cothaíonn an ollscoil pobal cuimsitheach agus tacúil, ag tairiscint cláir folláine agus seirbhísí cúnamh d'fhostaithe, agus cuireann campas Belfield áiseanna den scoth, lascaín agus áiseanna spóirt ar fáil. Tríd is tríd, cuireann UCD timpeallacht oibre dhearfach agus cothrom ar fáil.

Tuilleadh eolais: [Buntáistí - Ag obair in UCD](#)

### **Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin

### Éigeantach:

#### **Taithí agus Cáilíochtaí**

- Eolas ar phrionsabail eolaíochta nó taighde a fuarthas trí chúrsaí foirmiúla nó oiliúint ábhartha.
- Taithí ag obair i saotharlann nó i dtimpeallacht rialáilte eile a éilíonn cloí le nósanna imeachta agus caighdeán sábháilteachta.
- Eolas ar rialacháin sláinte agus sábháilteachta is infheidhme maidir le timpeallachtaí saotharlainne, agus tiomantas dóibh.
- Cumas prótacail saotharlainne agus nósanna imeachta oibriúcháin chaighdeánacha a leanúint go cruinn.
- Cumas oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann, ag leanúint teoracha nuair is gá.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus pleanála le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide (scríofa agus ó bhéal araon).
- Inniúlacht in úsáid feidhmchlár ríomhaireachta caighdeánach (mar sh. Microsoft Office nó a leithéid).
- Cumas oiriúnú do thosaíochtaí athraitheacha agus tacú le riachtanais oibríochtúla i dtimpeallacht taighde dhinimiciúil.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil siad feasach ar chlár oibre an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe.

### Inmhianaithe:

- Cáilíocht san eolaíocht nó i ndisciplín ghaolmhar.
- Taithí ag obair i dtimpeallacht saotharlainne acadúil, taighde nó oideachais.
- Taithí ag tacú le tionscadail taighde nó ag cur leo.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus ar riachtanais rialála a bhaineann le timpeallachtaí saotharlainne.
- Taithí ag obair le foirne taighde ildisciplíneacha.
- Oiliúint ábhartha sábháilteachta (mar sh. garchabhair, sábháilteacht saotharlainne, nó oiliúint sábháilteachta ceimiceach/bitheolaíoch).

### Eolas Breise:

An Ollscoil:	<a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>
Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú:	<a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	<a href="https://www.ucd.ie/chas/">https://www.ucd.ie/chas/</a>
Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid:	<a href="https://www.ucd.ie/medicine/">https://www.ucd.ie/medicine/</a> <a href="https://www.ucd.ie/sbi/">https://www.ucd.ie/sbi/</a>
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a>
Treoirínte maidir le Bogadh go hÉirinn:	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/locationculture/movingtoireland/">https://www.ucd.ie/workatucd/locationculture/movingtoireland/</a>

### Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Amaya Munoz Garcia
Teideal:	Bainisteoir Saotharlainne Fliuch SBI agus Comhordaitheoir Sábháilteachta
Seoladh r-phoist:	amaya.garciamunoz@ucd.ie
Fón:	Fiosrúcháin trí ríomhphost amháin le do thoil